

Clár

1	Cad é cuspóir an Chomhaontaithe?	3
2	Cé a chlúdaítear faoin gComhaontú seo?	3
3	Cad iad na híocaíochtaí a chlúdaítear faoin gComhaontú?	4
4	Cé acu de dhlíthe Slándála Sóisialaí an dá thír a bhaineann le hábhar?	4
5	Conas a bhaintear tairbhe as an gComhaontú?	5
6	Conas a ríomhtar na híocaíochtaí?	6
7	Conas a fhaightear an íocaíocht?	8
8	An dtéann an Comhaontú i bhfeidhm ar aon íocaíochtaí a fhaightear ó thír eile?	9
9	An féidir cáiliú d'íocaíocht ón dá thír?	10
10	An féidir sochair bhreise a éileamh?	10
11	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	11

Feabhra 2011

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach ar leathanach 12 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

Comhaontú Slándála Sóisialaí idir Éirinn agus Stáit Aontaithe Mheiriceá

Is éard atá sa bhileog seo ná treoir ghearr ar an gComhaontú Slándála Sóisialaí idir Éirinn agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 1993.

1. Cad é cuspóir an Chomhaontaithe?

Is é príomhchuspóir an Chomhaontaithe ná cosaint a dhéanamh ar chearta pinsin daoine a d'oibrigh agus a d'íoc ranníocaíochtaí ináirithe slándála sóisialaí in Éirinn agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá (S.A.M.) araon.

Déanann an Comhaontú é seo trína cheadú go gcuirfear ranníocaíochtaí slándála sóisialaí a íoctar i dtír amháin sa chomhaireamh ó thaobh cáiliú d'íocaíochtaí áirithe sa tír eile.

Pléann an Comhaontú freisin le stádas slándála sóisialaí na n-oibrithe a sheoltar ó thír amháin go dtí an tír eile ar shannacháin shealadacha.

2. Cé a chlúdaítear faoin gComhaontú seo?

Clúdaíonn an Comhaontú thú má bhí tú faoi réir na ndlíthe slándála sóisialaí in Éirinn agus i S.A.M. araon.

Clúdaíonn an Comhaontú ranníocóirí féinfhostaithe chomh maith. Thairis sin, baineann sé le do chleithiúnaithe agus do mharthanóirí, mar shampla Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach) agus Pinsean Caomhnóra (Ranníocach).

3. Cad iad na hÍocaíochtaí a chlúdaítear faoin gComhaontú?

Is iad na hÍocaíochtaí **Éireannacha** a chlúdaítear faoin gComhaontú ná:

- Pinsean Stáit (Ranníocach) (iníoctha ag aois 66),
- Pinsean Stáit (Eatramhach) (iníoctha ag aois 65),
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach),
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach),
- Pinsean Easláine,

agus

- Deontas Méala.

Is iad na hÍocaíochtaí a chlúdaítear i **S.A.M.** ná iad siúd atá ar fáil faoin gClár Feidearálach OASDI (Árachas Seanaoise, Marthanóirí, agus Míchumais), go háirithe iad siúd a bhaineann le:

- Pinsean Scoir,
- Sochair do Mharthanóirí,
- Sochar Míchumais,

agus

- Sochair Theaghlaigh do chleithiúnaithe oibrithe atá ar scor nó faoi mhíchumas.

4. Cé acu de dhlíthe Slándála Sóisialaí an dá thír a bhaineann le hábhar?

I gcoitinne, bíonn tú faoi réir reachtaíocht Slándála Sóisialaí na tíre ina n-oibríonn tú.

Má théann tú chun obair in Éirinn, mar sin, beidh tú faoi réir dhlí slándála sóisialaí na hÉireann agus íocfaidh tú ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh (ÁSPC) anseo, de ghnáth.

Ar an gcuma chéanna, má théann tú chun obair i S.A.M., beidh tú faoi réir dhlíthe slándála sóisialaí S.A.M. agus is féidir go mbeidh ort ranníocaíochtaí slándála sóisialaí a íoc sa tír sin.

Sannacháin Shealadacha

Má sheolann fostóir Éireannach thú chun obair i S.A.M. ar shannachán sealadach, leanfaidh tú de bheith ag íoc ranníocaíochtaí ÁSPC na hÉireann suas go dtí an chéad chúig (5) bliana de do chuid fostaíochta i S.A.M..

Mar sin, má tá tú ag obair faoi láthair in Éirinn agus má táthar chun thú a sheoladh chun obair i S.A.M. ar shannachán sealadach, is cóir duit nó do d'fhostóir teagmháil a dhéanamh leis an rannóg seo a leanas:

Bailiúcháin Speisialta ÁSPC

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Íosghlao 1890 690 690 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó +353 14 715898 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch)

Is cóir é seo a dhéanamh a luaithe is féidir, ionas gur féidir na foirmeacha agus an chomhairle is gá a chur ar fáil.

5. Conas a bhaintear tairbhe as an gComhaontú?

Is féidir go gcáileoidh tú d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh de bhun thaifead na ranníocaíochtaí in Éirinn, agus é curtha le taifead na ranníocaíochtaí in S.A.M., más amhlaidh nach mbeidh do dhóthain ranníocaíochtaí agat ar cheachtar taifead ina aonar.

6. Conas a ríomhtar na híocaíochtaí?

Íocaíochtaí Éireannacha

Faoi fhorálacha an Chomhaontaithe, is féidir feidhm a bhaint as ranníocaíochtaí a íoctar i S.A.M. chun na coinníollacha ÁSPC i leith íocaíochtaí Éireannacha a chomhlíonadh.

Ní foláir, áfach, íosmhéid ranníocaíochtaí ÁSPC Éireannacha a bheith agat le bheith intofa chun na ranníocaíochtaí Slándála Sóisialaí i S.A.M. agus in Éirinn a chur le chéile.

I dtaca le Pinsean Stáit (Ranníocach), Pinsean Stáit (Eatramhach), Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach) agus Pinsean Easláine, ní foláir go mbeidh obair in Éirinn déanta agat agus íosmhéid 52 ranníocaíocht in Éirinn íoctha nó curtha chun creidmheasa agat.

An túsce a chomhlíonfar na coinníollacha seo, bainfear feidhm as foirmle (féach thíos) chun an ráta iníoctha a shuíomh maidir le:

- Pinsean Stáit (Ranníocach),
- Pinsean Stáit (Eatramhach),
- Pinsean Easláine, agus
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach).

Foirmle chun pinsean a ríomh más rud é go bhfuil ranníocaíochtaí in Éirinn agus i S.A.M. i gceist.

Líon iomlán na ranníocaíochtaí Éireannacha

iolraithe faoi

Mhéid an phinsin atá dlite má rinneadh na ranníocaíochtaí go léir in Éirinn

agus ansin roinn faoi

Líon iomlán na ranníocaíochtaí in Éirinn agus i S.A.M., curtha le chéile.

Bíonn éagsúlacht bheag ar na coinníollacha árachais shóisialaigh, ag brath ar an tír nó na tíortha eile atá i gceist.

Sampla:

Seo a leanas sampla den chaoi a ndéantar áireamh ar phinsean má d'íoc tú árachas sóisialach in Éirinn agus i S.A.M. araon.

Tá 280 ranníocaíocht in Éirinn agus 560 ranníocaíocht i S.A.M. agat thar 35 bliana ón dáta ar thosaigh tú fostaíocht inárachaithe suas go dtí deireadh na bliana cánach sula sroicheann tú aois an phinsin.

Céim 1

Déanaimid áireamh ar an bpinsean 'barúlach' a gheofá dá mba ranníocaíochtaí Éireannacha iad do ranníocaíochtaí go léir, idir ranníocaíochtaí in Éirinn agus ranníocaíochtaí i S.A.M.. Chun é seo a dhéanamh, suimimid na ranníocaíochtaí in Éirinn agus na ranníocaíochtaí i S.A.M. agus ansin roinnimid an t-iomlán faoi líon na mblianta chun meánlíon bliantúil na ranníocaíochtaí a fháil.

Ranníocaíochtaí

280 in Éirinn + 560 i S.A.M. 840

840 ÷ 35 bliana 24

Thabharfadh meán bliantúil 24 ranníocaíocht in Éirinn pinsean pearsanta seachtainiúil €225.80* (méid barúlach).

*Bunaítear na figiúirí seo ar rátaí an Phinsin Stáit mar a bhí in Eanáir 2011.

Céim 2

Iolraímid an pinsean barúlach faoi líon na ranníocaíochtaí Éireannacha agus roinnimid an freagra faoi líon iomlán na ranníocaíochtaí. Tugann sé seo íocaíocht pro-rata an phinsin.

Méid pearsanta

$$\frac{€225.80 \times 280}{840} \qquad \qquad \qquad €75.27$$

Má cháilíonn tú chun Méadú um Dhuine Fasta Cáilithe a fháil maille le do phinsean Éireannach, iolraímid an méid barúlach, agus an Méadú um Dhuine Fasta Cáilithe san áireamh, faoi líon na ranníocaíochtaí Éireannacha agus roinnimid an freagra faoi líon iomlán na ranníocaíochtaí.

Méid pearsanta móide Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe faoi bhun 66 bliana d'aois

$\frac{€379.30 \times 280}{840}$ €126.43

Bunaítear na figiúirí seo ar rátaí an Phinsin Stáit mar a bhí in Eanáir 2011.

Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach), Deontas Méala

An túsce a dhéanfar teidlíocht ar Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach) nó ar Dheontas Méala a shuíomh de bhua ranníocaíochtaí Éireannacha amháin nó de bhua cumaisc de ranníocaíochtaí in Éirinn agus i S.A.M., beidh an ráta cuí iomlán iníochta.

Íocaíochtaí S.A.M.

Má tá 6 ráithe (78 seachtaine) de ranníocaíochtaí slándála sóisialaí i S.A.M. agat ar a laghad ach mura gcáilíonn tú d'íocaíocht ná do phinsean faoi dhlíthe S.A.M., ansin is féidir feidhm a bhaint as do ranníocaíochtaí slándála sóisialaí in Éirinn chun críocha teidlíochta ar íocaíocht nó ar phinsean.

Má thagann tú ansin chun teideal a bheith agat ar shochar ó S.A.M., cáileoidh tú d'íocaíocht Pro-Rata ó údaráis S.A.M., bunaithe:

- ar do mheántuilleamh faoi dhlíthe S.A.M.,
agus
- ar an gcóimheas idir do ranníocaíochtaí slándála sóisialaí i S.A.M. agus fad saolré clúdaigh i gcomhréir le dlí S.A.M.

7. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Má chónaíonn tú in Éirinn

Má cháilíonn tú, féadfaidh tú íocaíocht Éireannach a fháil:

- i d'oifig áitiúil an phoist trí Chárta Seirbhísí Sóisialacha
nó
- trí íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais.

Má cháilíonn tú do Phinsean Easláine agus má fhaigheann tú d'íocaíocht in oifig an phoist trí Ríomhaistriú Faisnéise, féadfaidh tú leas a bhaint as an Seirbhís Bhuiséid don Líon Tí chomh maith.

Íocaíocht aonuaire a dhéantar trí sheic is ea an Deontas Méala.

Má chónaíonn tú lasmuigh den Stát

Má cháilíonn tú do phinsean Éireannach, is féidir d'íocaíocht a dhéanamh trí Ríomhaistriú Airgid isteach i gcuntas Éireannach nó i gcuntas in institiúid airgeadais lasmuigh den Stát. Déanfar an íocaíocht in airgeadra na tíre ina sealbhaíonn tú an cuntas. Déanfar an íocaíocht seo gach ceithre seachtaine. Íocfar seachtain amháin roimh ré agus íocfar trí seachtaine i riaráiste.

8. An dtéann an Comhaontú i bhfeidhm ar aon íocaíochtaí a fhaightear ó thír eile?

Ní théann!

Má tá tú i dteideal íocaíochta faoin gComhaontú seo, ní rachaidh sé seo i bhfeidhm ar do theidlíocht ar íocaíocht ó Stát eile faoi fhorálacha Rialacháin an CE ar an tSlándáil Shóisialach.

Ciallaíonn sé seo go bhféadfá íocaíocht a fháil ó Stát eile faoi Rialacháin an CE agus íocaíocht a fháil ó Éirinn faoin gComhaontú seo ag an am céanna.

D'fhéadfadh sé seo teacht i gceist dá mba rud é gur fostaíodh thú sna Stáit Aontaithe, in Éirinn agus i dtír eile faoi chumhdach Rialacháin an CE.

Agus áireamh á dhéanamh, áfach, ar theidlíocht duine ar íocaíocht faoin gComhaontú seo idir Éirinn agus S.A.M., ní chuirfear san áireamh tréimhsí oibre a tugadh chun críche sa tír eile faoi chumhdach Rialacháin an CE.

Ní féidir leat dhá phinsean Éireannacha a éileamh. Cuir i gcás, má cháilíonn tú do cheann amháin de bhun taifid ranníocaíochtaí atá curtha le chéile idir Éirinn agus S.A.M. faoin gComhaontú seo agus do cheann eile de bhun taifid ranníocaíochtaí atá curtha le chéile faoi Rialacháin an CE le Ballstát eile an Aontais Eorpaigh, gheobhaidh tú cibé pinsean Éireannach is mó.

9. An féidir cáiliú d'íocaíocht ón dá thír?

Is féidir!

Is féidir le duine cáiliú d'íocaíocht ón dá thír (Éire agus na Stáit Aontaithe) ag an am céanna.

10. An féidir sochair bhreise a éileamh?

Má chónaíonn tú in Éirinn agus má fhaigheann tú pinsean leasa shóisialaigh na hÉireann nó na Stát Aontaithe, is féidir go gcáileoidh tú do shochair shaora faoi chóras slándála sóisialaí na hÉireann faoi réir na ngnáthchoinníollacha:

- Pacáiste na Sochar don Líon Tí (Liúntas Leictreachais/Gáis, Saortheadúnas Teilifíse agus Liúntas Gutháin),
- Liúntas Breosla,
- Saorthaisteal.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

11. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má chónaíonn tú in Éirinn agus más mian leat éileamh nó fiosrú a dhéanamh i dtaca le teidlíocht Éireannach faoin gComhaontú, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó:

Maidir le **Pinsean Stáit (Ranníocach), Pinsean Stáit (Eatramhach), Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh nó Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)**, déan teagmháil le:

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Íosghlao: 1890 500 000 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó
+ 353 71 9157100 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch)

Maidir le **Pinsin Easláine**, déan teagmháil le:

Rannóg an Phinsin Easláine
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Tithe an Rialtais
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort

Íosghlao: 1890 92 77 70 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó
+ 353 43 3340000 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch)

Maidir le **Deontas Méala**, déan teagmháil le hOifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh i Sligeach má tá pinsean á íoc ón oifig sin.

I ngach cás eile, déan teagmháil le:

Rannóg an Deontais Mhéala
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Tithe an Rialtais
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort

Íosghlao: 1890 927 770 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó
+ 353 43 3340000 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch)

Chun a thuilleadh eolais a fháil ar **Shannacháin Shealadacha**, déan teagmháil le:

Rannóg na mBailiúchán Speisialta ÁSPC

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Oifigí an Rialtais

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Íosghlao: 1890 690 690 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó
+ 353 1 4715898 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch)

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Má chónaíonn tú sna Stáit Aontaithe, déan teagmháil le hOifig Áitiúil Slándála Sóisialaí na Stát Aontaithe.

Má chónaíonn tú in Éirinn agus más mian leat éileamh a dhéanamh ar íocaíocht ó na Stáit Aontaithe a chlúdaítear faoin gComhaontú, is cóir duit teagmháil a dhéanamh le:

Ambasáid na Stát Aontaithe, Baile Átha Cliath

Aonad na Sochar Feidearálach (Federal Benefits Unit)

42 Bóthar Elgin

Droichead na Dothra

Baile Átha Cliath 4

Guthán: (01) 6688777

Ríomhphost: **fbu.dublin@ssa.gov**.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus eolas breise ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch).
- Buail isteach chuig d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Leabhráin áisiúla eile:

Deontas Méala	SW 47
Saorthaisteal	SW 40
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach) agus Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	SW 115
Pacáiste na Sochar don Líon Tí	SW 107
Pinsean Easláine	SW 44
Pinsean Stáit (Eatramhach) agus Pinsean Stáit (Ranníocach)	SW 118
Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)	SW 25